POBAL CHRÍOST RÍ GORT A' CHOIRCE

An tAth. Seán Ó Gallchóir

(074) 9135214 nó
087-2237729

8ú Meán Fómhair 2019: An Tríú Domhnach is Fiche den Ghnáthbhliain

Dé Domhnaigh	9.00	11.00	
Dé Luain			7.00
Dé Máirt	10.00		
Dé Céadaoine			7.00
Déardaoin			7.00
Dé hAoine			7.00
Dé Sathairn		11.00	7.00

http://www.raphoeparishes.com/page5/
www.parishpress.net **www.mcnmedia.tv**

LOTTO NA PARÓISTE
Louise Nic Giolla Chearra, Doire Chonaire, €100. 9-10-13-15. €800.

CRUINNIÚ AIRGID
- Tógadh €1,940. Buíochas mór don Phobal.

BINGO
- Achan Oíche Mháirt**.** 8.30 i.n. Fáilte roimh gach duine.

FAOISTIN: Gach Satharn 10.30 / 6.30. Gach Domhnach 8.30 / 10.30

AN PAIDRÍN : Gach Domhnach 7.00 i.n.

PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ
Gach Máirt **6.15 i.n**.

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE
Gach Máirt **10.20-7.00 i.n.**

CUMANN N. UINSIONN DE PÓL
- Fáilte roimh bhaill úra.
- Cruinniú - an Déardaoin deireannach den mhí - 7.30 i.n.
- Bígí fial leis an bhosca sa phoirse. Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 3566924.

TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT
Má tá tacaíocht nó cúram de dhíth ort féin nó ar dhuine eigin ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteangmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh-(OLP)
Margaret Northage **0862183011**
Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth.

Narcotics Anonymous
- Cruinniú san Ionad Tréadach, Leitir Ceanainn (Cearnóg na hArdEaglaise). Gach Sathairn 8.00 i.n. 087 4045030
- **NARCOTICS ANON ULADH** 00447810172991

AA (Alcoholics Anonymous)
- Cruinnithe in Árus Bheaglaoich, An Fál Carrach.
- Dé Domhnaigh agus Dé Luain 8.30 087 6273596

AL ANON
- An bhfuil imní ort fá ólachán dhuine eigin ? Scairt ar: 018732699.
- info@al-anon-ireland.org 10 r.n. – 10 i.n. Gach lá den bhliain.

Siopa Chumann Naomh Uinsionn de Pól, Doirí Beaga : 087-3304681

AN TRÍÚ DOMHNACH IS FICHE DEN GHNÁTHBHLIAIN

St Paul 343 : Salm 89

AN CHÉAD LÉACHT
Sliocht as leabhar na hEagna. 9:13-18.
Cé a dtig leis fios a fháil ar rún Dé
nó a dhéanamh amach goidé is toil le Dia?
Mar tá réasúnaíocht an duine gan mhaith
agus a intinn neamhsheasmhach.
Tá an corp somhillte ina ualach ar an anam;
agus an t-áras créafóige ina mheáchan ar an aigne.
Tá sé cruaidh go leor againn a bhfuil ar an talamh a dhéanamh amach;
dícheallach go leor a bheith i mbun na fírinne.
Cé a dtig leis, mar sin, fáil amach goidé atá ar neamh?
Cé a fuair fios ar do rún muna dtug tusa Eagna dó
agus munar chuir tú do spiorad naofa chuige ó na flaithis?
Ar an dóigh sin díríodh bóithre mhuintir an tsaoil seo
agus múineadh daofa goidé ab áil leatsa.
Sábháladh iad fríd an Eagna.

FREAGRA AN tSAILM:
A Thiarna, is tú ár ndídean ó ghlúin go glúin.

AN DARA LÉACHT
Sliocht as litir Naomh Pól chuig Philémon. 9-10,12-17.
A bhráthair ionmhain, mise Pól, atá i mo thoscaire agus i mo phríosúnach anois ar son Íosa Críost. Déanaim achainí ort ar son mo mhac Onesimas, a tharla mise a bheith i m'athair aige le linn mo phríosúnachta agus a bhfuil mé anois á scaoileadh abhaile chugat, cé gurb é an duine is ansa le mo chroí. Is é ab fhearr liom féin go bhfanfadh sé agam le freastal orm le linn mo phríosúnachta ar son an tSoiscéil; ach ní maith liom aon ní a dhéanamh gan cead uait ionas go mbeadh an mhaith sin agat de do dheoin féin agus chan i d'ainneoin. B'fhéidir gurb é an fáth ar scar sé leat ar feadh tamaill, go bhfaighfeá ar ais é go brách, ní mar sclábhaí ach mar rud níos fearr ná sclábhaí, sé sin mar bhráthair ionúin. Dá dhílseacht é le mo chroí féin, nach mó go mór an dáimh is cóir a bheith agatsa leis de réir na fola agus de thaobh an Tiarna. Glac leis mar a ghlacfá liom féin.

ALLELUIA
Alleluia, Alleluia!
Éisteann mo chaoirigh le mo ghlór, a deir anTiarna,
agus aithním iad agus leanann siad mé. Alleluia.

CLÉIRIGH
Dé Sathairn 14/09 7.00 i.n.: Pádraig Ó hEarcáin, Aisling Ní Bhaoill, Shane Ó Baoill, Jack Mac Póil.
Dé Domhnaigh 15/09 9.00 r.n.: Christopher Ryder, Katie Nic Giolla Easpaig.
Dé Domhnaigh 15/9 11.00 r.n.: Darragh Ó Briain, Máire Ní Bhriain, Roseanna Ní Fhearraigh, Seosamh Ó Ceallaigh.

LOTTO NA PARÓISTE
- Tá muid iontach buíoch do gach duine a thugann tacaíocht do Lotto na Paróiste.
- Coinnígí ag tacú leis, le bhur dtoil.

BUS GO LOCH DEARG
- Dé Domhnaigh 15-9-2019
- Ag fágáil Mhachaire Rabhartaigh 7.15 r.n.
- Loch Dearg €45. Bus €15
- Sally : 087-2346301.

CUMANN MEABHAIRSHLÁINTE CCF
- Cruinniú Cheann Bliana.
- Deardaoin 12/9/2019 @ 11.00 r.n.
- Pobal Eascarrach 083 3489749.

POBAIL LE CHÉILE

- Duine de dhíth le hoibriú le óige an Phobail. Lee: 9129630

Páistí le Chéile

- Gach Déardaoin 10.30-12.00.
- Garradh Cholmcille. Rosemary 9180111

CUIMHNEACHÁIN BÁIS

Bás le Gairid :
Nell Ní Ghallchóir, An Charraic
Eileen Nic Giolla Chomhaill, An Fál Carrach
Breda Ní Fhearraigh, Máigh Rátha
Mary Nic an Ultaigh, An Dún Mór
John Paul Strain, Glaschu/Toraigh
Karen McGarvey, Gartmore/An Cheathruin ***(Aifreann Dé Céadaoine 7.00 i.n)**
Anne French, An Chúlóg/Baile an Easa

Cuimhneacháin

Nóra/Pádraig Mac Aoidh Machaire Rabhartaigh	Dé Sathairn 7.00 i.n.
Caitlín Nic Giolla Chomhaill An Ardaí Bheag	Dé Domhnaigh 9.00 r.n.
Antoin Penrose/John Ghráinne An Ardaí Bheag	Dé Sathairn 14/9 11.00 r.n.
Maire McElroy Machaire Rabhartaigh	Dé Sathairn 14/9 7.00 i.n.
Mary Agnes/James Mac Suibhne Machaire Rabhartaigh	Dé Domhnaigh 15/9 9.00 r.n.
Phil Mac Suibhne Fána Bhuí	Dé Domhnaigh 15/9 11.00 r.n.

Johnny/Gracie/Barney/John Mac Aoidh, Fána Bhuí

✝ **Suaimhneas Síoraí dá nAnamacha Uilig** ✝

FÉILTE

Dé Luain 9/9	N. Ciarán
Dé Máirt 10/9	N. Peadar Claver
Déardaoin 12/9	Ainm Beannaithe Mhuire
Dé hAoine 13/9	N. Eoin Chrysostom
Dé Sathairn 14/9	Ardú na Croise Naofa

BUÍON CEOIL CHLOICH CHEANNFHAOLA (Sóisir)

Lotto: Fred Ó hEarcáin/Evelyn Sexton, €50 an duine. 2-3-4-6-10-20. **€6,400.**

25: **1** Joe Mac Aoidh/Hughie Ó Fearraigh
2 Tommy Ó Dúgáin/Daniel Ó Cuireáin

CLG CHLOICH CHEANNFHAOLA

An tSraith Roinn a 1 : Gaoth Dobhair 5-14 CCF 0-12
Foirne Tacaíochta : CCF 0-15 Gaoth Dobhair 1-8

An Chraobh Idirmheánach
CCF v Naomh Bríd. An Domhnach seo. Páirc PCC. 1.00 agus 2.30

An Chraobh Faoi-13 Roinn a 1: CCF 2-8 N. Adhamhnain 0-8
An Chraobh Faoi-18 Roinn a 2: Cluiche Ceathrú Ceannais
CCF 3-9 N. Muire 2-7

Ceiliúradh ar Stair na gCluichí Gaelacha i gCCF
Dé hAoine 27/09/2019.

Faola Fitness: Stephen 0863567416.

PLEANÁIL TEANGA CHLOICH CHEANNFHAOLA
Parlaimint Na nÓg

- Do Dhéagóirí 13-17 bl.
- Dé Céadaoine 25/9/2019. 6.30. Sa Batch.

Cathaoirleach: Caitlín Nic Aoidh

AIFREANN DO DHAOINE ATÁ AG IOMPAR CLAINNE
Déardaoin 12/9/2019 @ 7.30 i.n.
Ardeaglais N. Adhamhnan, Leitir Ceanainn.

GROW

- Tógadh €578.22. Buíochas don Phobal

AN CISTE TÓGÁLA

- Tógadh €750. Buíochas don Phobal.

SCÉIM SHÓISIALTA NA TUAITHE

- Tá folúntas faoi láthair ar an Scéim Shóisialta Tuaithe sna Tithe Gloine i gCill Ulta.
- Tuilleadh eolais – cuir glaoch ar Sheán ag 0868521091 roimh mheánlae Dé Máirt 17 Meán Fómhair 2019.

CLÁR AN CHÉAD CHOMAOINEACH

- Cruinniú dona tuismitheoirí.
- Dé Luain 9/9/2019 @ 7.30 i.n.
- Teach a' Cheoil.

CLEACHTADH DONA CLÉIRIGH

- Dé Sathairn 14/9/2019. Fáilte roimh chléirigh úra.

AIFREANN SCOIL GHORT A' CHOIRCE

- Dé hAoine 13/9/2019.
- 1 i.n.
- Fáilte roimh an phobal.

IONAD A' PHOBAIL, MACHAIRE RABHARTAIGH
074 9135556/087 1349880 ionadmr@gmail.com

Club Spóirt & Spraoi (Ranganna - Naíonan go Rang 2)
Dé Luain 5.30-6.45 i.n.
Páistí Cois Mara (Ranganna 3-6) Dé Máirt ó 6.30-8.00 i.n.

Club Óige Chríost Rí CCB 9ú Meán Fómhair @ 8. i.n. in Oileán na nÓg

Mná Phort Mhaise 10-12 r.n. Dé Céadaoine. Ceardaíocht, craic agus tae. Fáilte roimh achan duine.

COISTE CHROS CHNOC NA NAOMH – CRUINNIÚ

- Beidh cruinniú ag Coiste Chros Chnoc na Naomh i Scoil Mhachaire Rabhartaigh Oíche Luain seo 9/9/19 ar 8.30 i.n.
- Beidh fáilte mhór roimh dhuine ar bith a bhfuil suim acu i bhforbairt an Ghrotto, Thuras na Croiche agus na Cróise fein.

AN CÓINEARTÚ 2020

- Beidh an Cóineartú i dTeach Pobail Chríost Rí ar an Domhnach 26ú Eanáir 2020 ar 11.00.
- Clárú don Chóineartú ag an Aifreann Oíche Shathairn 28/9/2019 @ 7.00 i.n.

HALLA NA PAROISTE/TEACH A' CHEOIL

- Iarrtar orthu seo ar mian leo Halla na Paróiste/Teach a' Cheoil a úsáid le linn 2019-2020 dhul i dteangmháil leis an tSagart.
- Beidh cóipeanna den Pholasaí Árachais agus den Pholasaí Cúram Páistí de dhíth.
- Iarrataisí roimh 20/09/2019.